

Obair Bhaile Gaeilge



Leabhar 23

Ainm _____ Rang _____

Gaelscoil Uí Néill



Clár

	lth.
Foclóir A	2
An Fháinleog	4
An Frog	5
Foclóir B	6
Bí Sláintiúil	8
Lusanna Gréine	9
An Seilide	10
An Phiongain	11
Foclóir C	12
Dialann Aisling	14
An Bhumbóg	15
Foclóir D	16
An tUlchabhán	18
Turas chuig an Iarsmalann	19
An Oíche	20
Cú Chulainn	21
Foclóir E	22
Anois agus Fadó - Caranna	24
Oisín agus Niamh	25
Foclóir F	26
Lá Fhéile Stiofáin	28
Anois agus Fadó	29
Scoileanna Fadó	30
Tuairisc Scoile	31

A a

a aidiacht

1 s'aige, rud ar leis é *Chuir sé a chóta air.* **2** s'aici, rud ar léi é *Chuir sí a cóta uirthi.* **3** s'acu, rud ar leo é *Chuir siad a gcótaí orthu.*

a cónasc

focal a cheanglaíonn dhá phíosa eolais le chéile *Sin an fear a bhí anseo inné.*

á aidiacht

1 é nuair atá rud éigin ag tarlú dó *Bhí mé á bhualadh.* **2** í nuair atá rud éigin ag tarlú di *Bhí mé á bualadh.* **3** iad nuair atá rud éigin ag tarlú dóibh *Bhí mé á mbualadh.*

ab ainmfhocal abai

manach atá i gceannas ar mhainistir

abacas ainmfhocal abacais

fráma le sraitheanna coirníní a úsáideann tú le cuntas nó áirimh a dhéanamh

abair briathar dúirt, deir,

déarfaidh, rá, ráite

1 focail a dhéanamh ó bhéal, labhairt *Abair sin arís le do thoil.* **2** ceol a dhéanamh ó bhéal, canadh *Abair amhrán.*

abairt ainmfhocal abairtí

grúpa focal a léiríonn smaoineamh, tosaíonn abairt le ceannlitir agus críochnaíonn sí le lánstad, comhartha ceiste nó comhartha uailbhreasa

ábalta aidiacht níos/ís ábalta

bheith in ann rud a dhéanamh, is féidir é a dhéanamh *Tá mé ábalta Gaeilge a labhairt.*

ábaltacht ainmfhocal ábaltachtaí

scil nó tallann a bheith agat le rud a dhéanamh, bua, cumas, inmhe

abar ainmfhocal abair

1 talamh atá bog agus fliuch **2** dul in abar bheith i bponc nó i dtrioblóid

abdóman ainmfhocal

abdómain

an chuid de do chorp faoi do bhrollach ina bhfuil do ghoile agus do phutóga

abhac ainmfhocal abhaic

duine beag nó rud beag

abhaile dobhriathar

ag dul chuig an áit a gcónaíonn tú *Tá mé ag dul abhaile.*

abhainn ainmfhocal aibhneacha

1 sruthán mór uisce **2** bruach na habhann an talamh taobh le abhainn

ábhar ainmfhocal ábhair

1 an rud as a ndéantar earra, plaisteach nó adhmaid mar shampla **2** ábhar scoile na rudaí a fhoghlaimíonn tú ar scoil, Gaeilge, Béarla, an Mhatamaitic agus mar sin de *Is í an Ghaeilge an t-ábhar scoile is fearr liom.*

ábhartha aidiacht níos/ís ábhartha

rud a bhaineann le topaic ar leith

abhcóide ainmfhocal abhcóidí

1 dlíodóir a oibríonn sna cúirteanna arda **2** duine a chuidíonn nó a thacaíonn le duine eile, nó a labhraíonn ar a shon

abhlann ainmfhocal abhlanna

an t-arán naofa a fhaigheann duine nuair a théann sé chuig Aifreann

abhóg ainmfhocal abhóga

1 léim nó preabadh **2** scéal iontach

abhus dobhriathar

anseo

abraigí briathar

gabh chuig abair *Abraigí bur bpaidreacha sula dtéann sibh a luí.*

acadamh ainmfhocal acadaimh

1 scoil no coláiste **2** grúpa scoláirí a bhuaileann le chéile leis an obair s'acu a phlé

acadúil aidiacht níos/ís acadúla

rudaí a bhaineann leis an scolaíocht nó le foghlaim i scoil nó in ollscoil

acastóir ainmfhocal acastóirí

an slat trí lár rotha, tiontaíonn an roth air

ach cónasc

1 cónasc a úsáidtear le dhá phíosa eolais a cheangal le chéile *Is maith liom madaí ach ní maith liom caít.* **2** méid áirithe nó rud ar leith a chur in iúl *Níl ach cúig phunt fágtha agam.*

achainí ainmfhocal achainíocha





rud a iarrann tú, impí, iarratas

achainigh briathar d'achainigh,

achainíonn, achaineoidh, achainí, achainithe rud a iarraidh, impigh

achan aidiacht

iad uilig, gach aon, gach uile *Ba mhaith liom achan mhilseán a ithe.*



Obair Bhaile 1

Bain úsáid as an fhoclóir leis na ceisteanna seo a fhreagairt.

1. Cad é an t-ainm atá ar an arán naofa a fhaigheann duine nuair a théann sé chuig Aifreann?
2. Cad é a thugtar ar an slat a théann trí lár rotha?
3. Cad é an uimhir iolra den fhocal abacas?
4. Cad é an t-ábhar scoile is fearr leat?
5. Cuir an abairt seo san aimsir láithreach:

Dúirt sé a phaidreacha gach lá.
6. Comhlánaigh an abairt seo tríd an fhoirm cheart den aidiacht a scríobh.

Is duine ábalta é Liam, ach tá Seán i bhfad níos _____.
7. Cad é atá ag dul ar aghaidh má tá rudaí ag dul in abar?
8. Aimsigh cónasc ón leathanach foclóra seo.

Obair Bhaile 2

An Fháinleog

Is maith liom an fháinleog. Is éan beag í. Tá dath dúghorm ar a droim agus dath bán ar a brollach. Feiceann muid a lán fáinleog in Éirinn go mall san earrach agus go háirithe sa tsamhradh.

Ní maith leis an fháinleog an geimhreadh in Éirinn mar bíonn sé fuar. Fágann sí Éire san fhómhar agus eitlíonn sí an bealach ar fad chun na hAfraice. Glacann an turas 6 seachtaine nó mar sin. Bíonn an aimsir níos teo san Afraic.

Fanann sí san Afraic go dtí go mbíonn an geimhreadh thart. Ansin, tosaíonn sí ar an turas mhór ar ais go hÉirinn. Feiceann tú na fáinleoga ag eitilt i rith an lae agus bíonn siad ina gcodladh sna crainn san oíche.

Ní bhíonn an fháinleog ar an talamh in am ar bith. Ní itheann sí ach feithidí a bhíonn ag eitilt. Is breá liom an fháinleog a fheiceáil mar ciallaíonn sé go bhfuil an samhradh ag teacht!



Ceisteanna

1. Cá huair a bhíonn an fháinleog le feiceáil in Éirinn?
2. Cá huair a bhíonn an fháinleog san Afraic?
3. Téann an fháinleog chun na hAfraice mar bíonn an aimsir ansin:
4. Cé acu abairt atá fíor?
 - (a) Bíonn turas fada le déanamh ag an fháinleog
 - (b) Bíonn an fháinleog ag eitilt ar feadh seachtaine
 - (c) Fanann an fháinleog in Éirinn an t-am ar fad
5. Cad é a itheann an fháinleog?
6. Cad é mar a mhothaíonn an scríbhneoir nuair a fheiceann sé an fháinleog?

Obair Bhaile 3


An Frog

Is ainmhí beag é an frog. Tá cuid mhór froganna ina gcónaí in Éirinn agus maireann siad thart ar 10 mbliana. Cónaíonn siad san uisce an chuid is mó den am nó in áit ar bith atá fliuch. Tá snámh maith ag an fhrog agus tá sé iontach maith ag léim fosta. Is maith leis an fhrog feithidí a ithe.

Beireann an frog uibheacha san uisce. Glóthach froig an t-ainm atá ar na huibheacha seo. Bíonn glóthach froig le feiceáil san earrach. I ndiaidh tamaill, tagann torbáin amach as na huibheacha. Is frog óg é torbán.

Fásann an torbán ina fhrog mór. Fásann na cosa tosaigh agus na cosa deiridh agus éiríonn an t-eireaball níos gairide. Tamall beag ina dhiaidh sin, imíonn an t-eireaball ar fad agus is frog fásta é.

Tá frog clúiteach ann darb ainm Kermit. Bíonn sé le feiceáil ar an teilifís go minic. Is frog cliste é agus thig leis labhairt! Tá a lán cairde aige agus tá siad iontach greannmhar agus callánach. Ach níl a fhios agam an frog ceart é!



Ceisteanna

1. Cá fhad a maireann frog?
2. Cá háit a gcónaíonn an frog an chuid is mó den am?
3. Cén sórt bia a itheann an frog?
4. Cén t-am den bhliain a mbíonn glóthach froig le feiceáil?
5. Cad é a tharlaíonn ar dtús?
 - (a) Fásann na cosa deiridh
 - (b) Imíonn an t-eireaball ar fad
 - (c) Beireann an frog glóthach
6. Cad é mar atá a fhios againn nach frog ceart é Kermit?

bac *ainmfhocal* baic
cur isteach, balla nó sconsa a chuireann stop le rudai

bac *briathar* bhac, bacann, bacfaidh, bacadh, bactha
1 blocáil, stop a chur le rud **2 bac le** baint a bheith agat le rud, cur isteach ar rud *Ná bac leis an mhadadh fíochmhar sin.*

bacach *aidiacht* níos/ís bacai
gan a bheith ábalta siúl mar is ceart

bacach *ainmfhocal* bacadh
1 duine nach bhfuil ábalta siúl mar is ceart **2** duine bocht a iarrann airgead ar dhaoine sa tsráid

bacadaí *ainmfhocal*
ag bacadaí ag siúl ar bhealach aisteach de bharr go bhfuil rud éigin cearr le do chos

bácáil *ainmfhocal*
bia a chócaráil san oigheann, arán agus cistí mar shampla *Tá dúil agam sa bhácáil.*

bácáil *briathar* bhácáil, bácálann, bácálfaidh, bácáil, bácáilte
bia a chócaráil san oigheann, arán nó ciste mar shampla *Bíonn báicéir ag bácáil aráin san oigheann.*

bacainn *ainmfhocal* bacainní
balla nó sconsa a chuireann stop le duine ag dul ar aghaidh, constaic

bacán *ainmfhocal* bacáin
an chuid tosaigh den sciathán láimhe

bachall *ainmfhocal* bachalla
crúca aoire

bachlóg *ainmfhocal* bachlóga
bláth nó duilleog sula n-osclaíonn sé

bácús *ainmfhocal* bácúis
an áit a ndéantar nó a ndíoltar arán

bád *ainmfhocal* báid
feithicil bheag a sheolann nó a thaistíonn ar an uisce

badhbh *ainmfhocal* badhbha
éan measartha mór le gob fada a chónaíonn i dtíortha atá te agus a itheann rudaí marbha a fhágann ainmhithe eile ina ndiaidh, bultúr

badhró *ainmfhocal* badhrónna
peann le liathróid bhean mar phointe

badmantan *ainmfhocal*
cluiche atá cosúil le leadóg ach le líon níos airde agus le cearc chealgach in áit liathróide

bádóir *ainmfhocal* bádóirí
duine a bhíonn ag obair nó ag seoladh ar bhád

bádóireacht *ainmfhocal*
seoladh ar bhád

bagair *briathar* bhagair, bagaíonn, bagróidh, bagairt, bagartha
rabhadh a thabhairt do dhuine go gcuirfidh tú pionós air nó go ndéanfaidh tú dochar dó muna ndéanann sé an rud a ba mhaith leat

bagairt *ainmfhocal* bagairtí
rabhadh go gcuirfidh tú pionós ar dhuine nó go ndéanfaidh tú dochar dó muna ndéanann sé an rud a ba mhaith leat

bagáiste *ainmfhocal* bagáistí
na málaí agus cásanna a thugann tú leat ar thuras

baghcat *ainmfhocal* baghcait
gan earraí a cheannach ó shiopa nó gan dul chuig áit

bagún *ainmfhocal*
slisín feola, tagann sé ón mhuc *Is maith liom bagún agus uibheacha don bhricfeasta.*

báicéir *ainmfhocal* báicéirí
duine a bhíonn ag bácáil aráin agus cistí

báicéireacht *ainmfhocal*
bia a chócaráil san oigheann, arán agus cistí mar shampla

baicle *ainmfhocal* baiclí
grúpa daoine, gasra

baictéar *ainmfhocal* baictéir
frídín beag a bhíonn mar chúis le tinneas nó galar

báigh *briathar* bháigh, bánn, báfaidh, bá, báite
duine nó ainmhithe a thumadh in uisce go dtí go bhfuil siad marbh


bail *ainmfhocal*
tá bail mhaith air tá sé ag obair mar is ceart

baile *ainmfhocal* bailte
1 an áit a gcónaíonn duine **2** grúpa tithe agus foirgnimh eile atá uilig suite in aice lena chéile

bailé *ainmfhocal*
damhsa speisialta le ceoil a chuireann scéal in iúl

Baile Átha Cliath *ainmfhocal*
príomhchathair na hÉireann

baileach *aidiacht* níos/ís bailí
go díreach ceart, cruinn



Obair Bhaile 4

Bain úsáid as an fhoclóir leis na ceisteanna seo a fhreagairt.

1. Scríobh isteach an fhoirm cheart den bhriathar san abairt seo thíos:
Is maith liom prátaí (bácáil)_____ a ithe le cáis agus pónairí.
2. Cad é a thugtar ar bhláth nó duilleog sula n-osclaíonn sé?
3. Ainmnigh an t-éan a itheann rudaí marbha a fhágann ainmhithe eile ina ndiaidh.
4. Cén dóigh a bhfuil rud nuair a bhíonn *báil mhaith air*?
5. Cad é príomhchathair na hÉireann?
6. Cén áit a ndéantar arán?
7. Cad é an uimhir iolra den fhocal *báicéir*?
8. Cé acu aidiacht a chuireann síos ar dhuine nach bhfuil ábalta siúl mar is ceart.

Obair Bhaile 5

Bí Sláintiúil

Is gasúr sláintiúil é Ruairí. Déanann sé aclaíocht gach lá. Bíonn sé ag rith sa chlós ar scoil agus é ag súgradh lena chairde. Bíonn sé ag scipeáil sa ghairdín lena dheirfiúr. Bíonn sé ag imirt peile sa pháirc lena dhaidí agus téann sé chuig an linn snámha lena mhamaí ag an deireadh seachtaine.

Itheann Ruairí bia atá maith don chorp. Ní bhíonn sé amaideach. Itheann sé torthaí agus glasraí gach aon lá. Ólann sé uisce agus bainne ar scoil agus sa bhaile. Is maith le Ruairí milseáin agus líomanáid ach tá a fhios aige nach bhfuil siad maith dó. Mar sin de, bíonn milseáin agus líomanáid aige ar an tSatharn amháin.

Scuabann Ruairí a chuid fiacla gach maidin i ndiaidh dó bricfeasta a ithe agus gach oíche sula dtéann sé a luí. Tugann sé cuairt ar an fhiacloir go rialta. Téann Ruairí a luí go luath san oíche. Bíonn codladh fada sámh aige agus ansin ní bhíonn tuirse air. Is duine ciallmhar é Ruairí. Ní bhíonn sé tinn ach anois is arís. Is fuath leis lá a chailleadh ar scoil. Is féidir le gach duine bheith sláintiúil cosúil le Ruairí má dhéanann siad a ndícheall!

Ceisteanna

1. Cad é a dhéanann Ruairí lena mhamaí?
2. Cá huair a itheann Ruairí milseáin?
3. Cá mhéad uair sa lá a scuabann Ruairí a chuid fiacla?
4. Cé acu atá fíor?
 - (a) Téann Ruairí chuig an fhiacloir go minic
 - (b) Ní théann Ruairí chuig an fhiacloir
 - (c) Téann Ruairí chuig an fhiacloir má bhíonn tinneas fiacaile air
5. Cén fáth nach mbíonn tuirse ar Ruairí?
6. Cén dá fhocal is fearr a chuireann síos ar Ruairí?
 - (a) Cineálta agus sláintiúil
 - (b) Ciallmhar agus sláintiúil
 - (c) Sláintiúil agus amaideach



Obair Bhaile 6


Lusanna Gréine

An t-earrach a bhí ann. Bhí Mairéad agus Micí ag obair go dian i ngairdín na scoile agus bhí siad beirt réidh le síolta a chur. Bhí spád ag Mairéad agus bhí sí ag tochailt léi. Rinne sí poll sa chréafóg. Bhí síolta lus na gréine ina lámh ag Micí. Bhí siad iontach beag. Chuir Micí na síolta sa pholl. D'úsáid Mairéad an spád leis na síolta a chlúdach le créafóg.

Chuir Mairéad agus Micí uisce ar na síolta gach lá. I ndiaidh tamaill, chonaic siad síológ bheag amháin ag teacht aníos as an chréafóg. Tamall beag ina dhiaidh sin, tháinig duilleoga beaga glasa ar an tsíológ.

An samhradh atá ann anois. Tá na lusanna gréine ag fás go gasta. Tá siad ag oscailt amach agus tá na peitil le feiceáil. Tá siad ag éirí níos mó agus níos airde. Tá dath gealbhuí ar na peitil agus tá siad dorcha sa lár.

Tá Mairéad agus Micí iontach sásta leis na lusanna gréine a d'fhás siad i ngairdín na scoile. Tá siad ard agus álainn!



Ceisteanna

1. Cá huair a chuir Mairéad agus Micí na síolta?
2. Cén frása a insíonn dúinn go raibh siad ag obair go crua sa ghairdín?
3. Cad é a d'úsáid Mairéad leis an chréafóg a thochailt?
4. Cé acu atá fíor?
 - (a) Chuir siad uisce ar na síolta gach seachtain
 - (b) Níor chuir siad uisce ar bith ar na síolta
 - (c) Chuir siad uisce ar na síolta gach lá
5. Cad é an chéad rud a chonaic siad ag fás?
6. Cén dá fhocal a chuireann síos ar lus na gréine?
 - (a) Beag agus buí
 - (b) Mór agus galánta
 - (c) Mór agus dearg

Obair Bhaile 7

An Seilide


“Chaill mé mo theachín!”
Arsa an seilide bocht,
“Chaill mé mo theachín,
Is é a bhí go docht.”

“Nuair a dhúisigh mé ar maidin,
Bhí mé fuar gan é,
D’fhéach mé i ngach áit,
Ar dheis is ar chlé.”

“Cé a thóg mo theachín?”
Arsa an seilide nocht,
“Cé a thóg mo theachín?
Cé air a bhfuil an locht?”

Ceisteanna

1. Cén focal a dhéanann rím le ‘bocht’ i véarsa 1?
2. Cad é a chiallaíonn an focal ‘dhúisigh’ i véarsa 2?
3. Cé acu atá fíor?
 - (a) Tá an seilide fuar gan a theachín
 - (b) Tá an seilide ceart go leor
 - (c) Tá a fhios ag an tseilide cé a ghoid a theachín
4. Cad é a rinne an seilide?
5. Cad é ba mhaith leis an tseilide a fháil amach i véarsa 3?
 - (a) Cé atá bocht
 - (b) Cé a ghoid a theachín
 - (c) Cá háit a bhfuil a mhamáí
6. Cad é mar a mhothaíonn an seilide sa dán seo, do bharúil?



Obair Bhaile 8

An Phiongain

Is breá le daoine an phiongain mar is éan iontach suimiúil í. Tá cuid mhór piongainí ina gcónaí san Antartach. Bíonn sé fuar feanntach ansin ó mhaidin go hoíche gach lá sa bhliain. Sa gheimhreadh, ní bhíonn an ghrian ag soilsiú ar chor ar bith. Ní bhíonn ann ach sneachta, oighear agus gaoth, ach ní chuireann sin isteach ar na piongainí!

Tá cleití ar an phiongain atá iontach tiubh. Coinníonn siad te í. Níl an phiongain ábalta eitilt mar tá a corp rómhór do na sciatháin. Tá radharc maith aici faoin uisce ach níl radharc rómhaith aici ar an talamh. Tá poill iontach beag ag an phiongain mar chluasa ach tá éisteacht mhaith aici. Itheann an phiongain éisc. Tá gob géar fada aici le cuidiú léi na héisc a fháil agus í ag seilg. Tá an phiongain iontach maith agus gasta ag snámh. Bíonn sí ag snámh san fharraige faoin oighear.



Síleann daoine go bhfuil an phiongain iontach greannmhar nuair a fheiceann siad í ag siúl. Níl sí ábalta siúl go gasta agus bíonn cuma amaideach uirthi. Ach ní éan amaideach í ar chor ar bith, tá sí go hiontach ar fad!

Ceisteanna

1. Cad é mar a bhíonn an aimsir san Antartach?
2. Cé acu atá fíor faoin Antartach?
 - (a) Bíonn sé dorchá an t-am ar fad sa gheimhreadh
 - (b) Bíonn sé geal an t-am ar fad sa gheimhreadh
 - (c) Bíonn sé dorchá an t-am ar fad sa tsamhradh
3. Cén fáth nach bhfuil an phiongain ábalta eitilt?
4. Is féidir leis an phiongain rudaí a fheiceáil go maith nuair atá sí:
 - (a) faoin uisce.
 - (b) ar an talamh.
 - (c) sa dorchadas.
5. Cén abairt nach bhfuil fíor?
 - (a) Itheann an phiongain éisc
 - (b) Cónaíonn an phiongain san Antartach
 - (c) Is féidir leis an phiongain siúl go gasta
6. Cén fáth a síleann daoine go bhfuil an phiongain greannmhar, do bharúil?

cailín *ainmfhocal* cailíní
páiste baineann, girseach

cáilíocht *ainmfhocal* cáilíochtaí
1 scrúdú nó cúrsa a rinne tú a léiríonn go bhfuil an cumas ionat le jab a dhéanamh **2** cé chomh maith nó olc atá rud nó duine, an dóigh a bhfuil rud nó duine

cailís *ainmfhocal* cailísí
cupán luachmhar a úsáidtear i searmanais reiligiúnda

cáiliúil *aidiacht* níos/lis cáiliúla
mór le rá, go mór i mbéal an phobail, iomráiteach, clúiteach

caill *briathar* chaill, cailleann, caillfidh, cailleadh, cailte

1 gan rud a bheith agat níos mó de bharr go ndeachaigh sé ar strae agus ní thig leat teacht air *Chaill mé mo ghuthán póca arís.* **2** gan an bua a fháil i gcluiche nó i gcomórtas *Cailleann Ard Mhacha in éadan Tír Eoghain i gcónaí.* **3** bheith rómhall le rud a fháil *Chaill mé an bus agus bhí orm siúl.*

cailleach *ainmfhocal*
cailleacha
bean a chreidtear a úsáideann draíocht

cailte *aidiacht* níos/lis cailte
nuair nach dtig leat teacht ar rud, ar strae, ar fán, ar iarraidh

caimiléir *ainmfhocal* caimiléirí
duine a bhriseann na rialacha i gcluiche nó i scrúdú sa dóigh go ndéanann siad níos fearr

caimiléireacht *ainmfhocal*
na rialacha a bhriseadh i gcluiche nó i scrúdú sa dóigh go ndéanann tú níos fearr

cáin *ainmfhocal* cánacha
an méid airgid a chaithfidh daoine nó comhlachtaí a thabhairt don rialtas

cáin *briathar* cháin, cáineann, cáinfidh, cáineadh, cáinte
barúil a thabhairt ar dhuine nó ar rud ag díriú ar na lochtanna s'acu

cainéal *ainmfhocal* cainéil
1 stáisiún teilifíse a chraolann réimse clár nó seónna, TG4 mar shampla **2** réimse uisce a nascann dhá fharraige le chéile **3** bealach a shrúthaíonn uisce

cainneann *ainmfhocal* cainneanna
glasra fada atá glas agus bán mar oinniún le duilleoga leathana



cainneon *ainmfhocal* cainneoin
gleann domhain le habhainn ag dul tríd

cainníocht *ainmfhocal* cainníochtaí
an méid de rud atá ann, nó an líon rudaí atá ann

caint *ainmfhocal* cainteanna
focail a dhéanamh ó bhéal, labhairt *Bhí na daltaí ag caint barraíocht sa rang.*

cainteach *aidiacht* níos/lis caintí
cuid mhór cainte a dhéanamh

cainteoir *ainmfhocal* cainteoirí
duine a bhíonn ag caint

cáipéis *ainmfhocal* cáipéisí

1 píosa páipéir scríofa nó clóscríofa, doiciméad **2** sa ríomhaireacht, rud atá stóráilte ar ríomhaire nó ar dhiosca, píosa téacs nó pictiúr mar shampla

caipín *ainmfhocal* caipíní
1 hata bog gan duilleog, bíonn buaic air de ghnáth **2 caipín súile** an craiceann uachtair nó íochtair a dhruideann thar do shúile

cairde *ainmfhocal*
córás airgid ina ligtear do dhuine íoc as rud níos moille, creidmheas

cairdeagan *ainmfhocal* cairdeagain
geansaí cniotáilte a fháisceann tú le cnaipí ag an tús

cairdeas *ainmfhocal*
bheith mór le duine, bheith i do chara ag duine

cairdín *ainmfhocal* cairdíní
uirlis cheoil shoghluaiste a sheinneann tú trí na taobhanna a bhogadh agus trí eochracha a bhrú, bosca ceoil




cairdinéal *ainmfhocal*
cairdinéil
duine de na sagairt is sinseartha san Eaglais Chaitliceach

cairdiúil *aidiacht* níos/lis cairdiúla
bheith deas múinte agus cineálta le duine eile

cairdiúlacht *ainmfhocal*
bheith cairdiúil

cairéad *ainmfhocal* cairéid
glasra oráiste atá fada agus tanaí, meacan dearg

cairéal *ainmfhocal* cairéil
áit a dtocláítear cloch nó scláta as an talamh



Obair Bhaile 9

Bain úsáid as an fhoclóir leis na ceisteanna seo a fhreagairt.

1. Cad a thugtar ar an chupán speisialta a úsáidtear san Aifreann?
2. Cad é a thugtar air nuair a bhristear rialacha le linn cluiche?
3. Ainmnigh dhá ghlasra atá luaite ar an leathanach seo.
4. Cé acu focal atá ar comhchiall le bosca ceoil?
5. Cad é an uimhir iolra den fhocal ‘cailleach’?
6. Comhlánaigh an abairt seo tríd an fhoirm cheart den aidiacht a scríobh.

Is duine cairdiúil í Síle, ach tá Nóra i bhfad níos _____.

7. Cad é an aimsir fháistineach den bhriathar ‘caill’?
8. Cad é a thugtar ar na píosaí craicinn a dhruideann thar do shúile?

Obair Bhaile 10

Dialann Aisling

AN LUAN 23ú NOLLAIG

An chéad lá de na laethanta saoire!!! Chuaigh mé go lár an bhaile le mo mhamaí le cúpla bronntanas a fháil. Bhí na siopaí uilig dubh le daoine.

AN MHÁIRT 24ú NOLLAIG

Chaith mé féin agus Róisín an lá ar fad ag glanadh suas thart faoin teach don chuairt ó Dhaidí na Nollag. Bhí oíche chiúin againn anocht. Chuaigh muid a luí go luath, ach ní raibh mé ábalta dul a chodladh ar chor ar bith mar bhí mé iontach tógtha!

AN CHÉADAOIN 25ú NOLLAIG

Mhúscaíl muid ar 5 a chlog ar maidin. Rith mise agus Róisín síos an staighre. Bhí cuid mhór bronntanas ann dúinn – rothair, leabhair, ríomhairí, cluichí, milseáin agus éadaí nua. Bhí muid iontach sásta!

Tamall ina dhiaidh sin, chuaigh muid chuig teach Mhamó agus bhí dinnéar galánta againn. D'ith muid barraíocht! Chaith mé an chuid eile den lá i mo luí ag amharc ar scannáin Nollag agus ag ithe milseán. Bhí na scannáin iontach maith. Bhain muid an-sult as an lá. Nach deas saoire na Nollag?

Ceisteanna

1. Cad é a rinne Aisling ar an Luan?
2. Cad é a chiallaíonn an frása 'dubh le daoine'?
 - (a) Bhí cuid mhór daoine ann
 - (b) Ní raibh mórán daoine ann
 - (c) Bhí gruaig dhubh ar na daoine
3. Cé acu atá fíor?
 - (a) Bhí Aisling ina suí go mall oíche Mháirt
 - (b) Ní raibh sí ábalta dul a chodladh oíche Mháirt
 - (c) Bhí oíche mhór aici oíche Mháirt
4. Cá huair a bhí Lá Nollag ann?
5. Cad é mar a mhothaigh Aisling maidin Lá Nollag?
6. Cén abairt a insíonn dúinn gur thaitin Lá Nollag le hAisling?
 - (a) D'ith muid barraíocht
 - (b) Bhí na scannáin iontach maith
 - (c) Bhain muid an-sult as an lá



Obair Bhaile 11

An Bhumbóg

Luigh mé síos
Sa ghairdín inné,
Agus thit mé i mo chodladh
I lár an lae.


Dhúisigh mé go tapa
Nuair a bhuail an fón,
Agus chonaic mé rud éigin
Ina shuí ar mo shrón.

Bumbóg mhór,
Dubh agus buí,
A tháinig ar cuairt
Nuair a bhí mé i mo luí.

Níor bhog mé ar feadh tamaill
Ar dheis ná ar chlé,
Agus d'éitil an bhumbóg ar aghaidh
Nuair a bhí sí réidh.

Ceisteanna

1. Cá háit a raibh an duine ina chodladh?
2. Cá huair a tharla na himeachtaí seo?
3. Cad é a mhúscaíl an duine?
4. Cén dath a bhí ar an bhumbóg?
5. Cad é a rinne an duine nuair a chonaic sé an bhumbóg?
6. Cad é a rinne an bhumbóg nuair a mhúscaíl an duine?



déistin *ainmfhocal*

mothú an-láidir a bheith agat nach bhfuil dúil agat i rud, samhnas

déistineach *aidiacht* níos/ís déistíní

rud a chuireann mothú tinnis ort, rud nach bhfuil dúil agat ann ar chor ar bith

délitearthacht *ainmfhocal*

cumas a bheith ort labhairt, léamh agus scríobh go maith i ndá theanga

deo *ainmfhocal*

go deo i gcónaí amach anseo, go leanúnach

deoch *ainmfhocal* deochanna

leacht a ólann tú *Bhí tart ar an chailín agus fuair sí deoch.*




dé-ocsaíd charbóin

ainmfhocal

an gás a análaíonn daoine amach agus a ghlacann plandaí isteach

deoir *ainmfhocal* deoracha

leacht a thagann amach as do shúile nuair a bhíonn tú ag caoineadh



deonach *aidiacht* níos/ís deonaí

rud a dhéanamh gan íocaíocht nó de bharr gur mhaith leat é a dhéanamh

deontas *ainmfhocal* deontais

rud a thugann duine duit, airgead ach go háirithe

deontóir *ainmfhocal* deontóirí


1 duine a thugann rud duit **2 deontóir fola** duine a thugann fuil le cuidiú le daoine eile

deoraí *ainmfhocal*

deoraithe
duine nach bhfuil ina chónaí ina tír féin

déshúiligh *ainmfhocal*

fearas le lionsaí don dá shúil a chuireann an chuma ar rudaí atá i bhfad ar shiúl go bhfuil siad níos cóngaraí



déthoiseach *aidiacht*

cruth le dhá thoise, cearnóg nó ciorcal mar shampla

dhá *ainmfhocal*

2 rud

dháréag *ainmfhocal*

12 duine

dheachaigh *briathar*

gabhadh chuig *Ní dheachaigh mé áit ar bith ar mo laethanta saoire.*

dhearna *briathar*

gabhadh chuig déan *Ní dhearna mé rud ar bith inné, bhí mé iontach falsa.*

dheas *dobhriathar*

ó dheas ag dul chuig an deisceart

dhíth *ainmfhocal*

gabhadh chuig díth

dí *réamhfhocal*

gabhadh chuig do *Bhí an cailín ag súgradh leis an bhábóg ach d'éirigh sí tuirseach di.*

Dia *ainmfhocal* Déithe

cruthaitheoir na Cruinne dar leis an Chríostaíocht, Giúdachas agus Ioslamachas



Diabhal *ainmfhocal* Diabhail

sprid nó duine olc

diaga *aidiacht* níos/ís diaga

mar Dhia nó ag teacht ó na flathis *Ba dhuine diaga é Íosa.*

diaibéiteas *ainmfhocal*

galar ina mbíonn barraíocht siúcra san fhuil

diaidh *ainmfhocal*

1 i ndiaidh níos moille, rud a leanann rud eile *Rachaidh muid amach i ndiaidh an chluiche.* **2 ina dhiaidh** níos moille ná rud eile *Rachaidh muid abhaile ina dhiaidh seo.* **3 diaidh ar ndiaidh** a tarlú go fadálach ach go réidh

diail *ainmfhocal* diaileanna


cárta nó plaisteach ciorclach le huimhreacha nó litreacha thart air

diailigh *briathar* dhailigh, dialíonn, diaileoidh,

dialliú, diallithe
uimhir ghutháin a bhualadh amach ar ghuthán tri uimhreacha a bhrú

dialann *ainmfhocal*

dialanna
leabhar ina scríobhann tú síos na rudaí áirithe a tharlaíonn duit gach lá nó ina gcuireann tú síos ar na rudaí atá tú ag dul a dhéanamh




diallait *ainmfhocal* diallaití

1 suíochán a chuireann tú ar chapall nó ainmhithe eile sa dóigh is go dtig leat é a mharcaíocht **2** suíochán rothair

diamant *ainmfhocal* diamaint

seoid chrua a bhfuil cuma ghloine shoiléir uirthi



Obair Bhaile 12

Bain úsáid as an fhoclóir leis na ceisteanna seo a fhreagairt.

1. Má mhothaíonn tú déistin faoi rud, an maith leat é?
2. Cad é a thugtar ar dhuine a thugann fuil le cuidiú le daoine eile?
3. Cad é a úsáideann tú le rudaí atá i bhfad ar shiúl a fheiceáil go soiléir?
4. Cad é an uimhir iolra de 'deoch'?
5. Cad é a dhéanann tú le diallait?
6. Comhlánaigh an abairt seo leis an fhoirm cheart den bhriathar 'téigh'.

Ní _____ mé áit ar bith ar mo laethanta saoire.

7. Cé acu an gás a análaíonn daoine isteach agus a ghlacann plandaí isteach?
8. Comhlánaigh an abairt seo leis an fhoirm cheart den bhriathar 'déan'.

Ní _____ mé rud ar bith inné, bhí mé iontach falsa.


Obair Bhaile 13

An tUlchabhán

Is éan oíche é an t-ulchabhán. Bíonn sé ina chodladh i rith an lae. Tá crúba géara agus sciatháin mhóra air. Bíonn dath donn, liath, dubh nó bán ar an ulchabhán.

Maireann an t-ulchabhán in áiteanna dorchá, i bpoll i gcrann, i bpluais nó i scioból. Déanann sé nead in áiteanna mar seo fosta.

Bíonn an t-ulchabhán ag seilg bia san oíche. Tá éisteacht agus radharc fíormhaith aige. Nuair a bhíonn sé ag eitilt sa spéir bíonn sé ábalta rudaí a fheiceáil agus a chluinstin go maith. Is maith leis an ulchabhán ainmhithe beaga a ithe. Itheann sé luchóga agus froganna go háirithe. Stróiceann sé a bhia lena chrúba agus ansin itheann sé é. Síleann daoine gur éan iontach cliste é an t-ulchabhán.



Ceisteanna

1. Cá huair a bhíonn an t-ulchabhán le feiceáil?
2. Cónaíonn an t-ulchabhán in áiteanna nach bhfuil:
 - (a) beag.
 - (b) dorchá.
 - (c) geal.
3. Cad é a chiallaíonn 'fíormhaith' sa scéal?
4. Cé acu atá fíor?
 - (a) Itheann an t-ulchabhán ainmhithe beaga
 - (b) Ní itheann sé ach plandaí
 - (c) Ní itheann sé ach froganna
5. Cén fáth a bhfuil crúba géara ar an ulchabhán?
6. Cad é ábhar an scéil seo go príomha?
 - (a) Bia an ulchabháin
 - (b) Áiteanna dorchá
 - (c) Saol an ulchabháin

Obair Bhaile 14

Turas chuig an Iarsmalann

Is mise Críostóir agus tá dúil mhór agam i mo dhaideo mar tá sé iontach cineálta agus cliste. An tseachtain seo caite, thug sé ar thuras mé go dtí an iarsmalann taobh amuigh de Bhéal Feirste. Chuaigh muid ann ar an bhus. Cheannaigh mo dhaideo na ticéid dúinn agus bhí mé iontach tógtha.


Nuair a bhí muid ann, chonaic muid carranna a bhí iontach mór agus sean. Ní raibh a fhios agam nach raibh díon ar charranna blianta fada ó shin. Ghlac muid cuid mhór grianghraf le ceamara nua Dhaideo. Bhí carr ag mo dhaideo nuair a bhí sé óg. Carr buí a bhí ann agus dúirt sé go raibh sé chomh mall le seilide! Ba bhreá liom carr a fháil agus mé níos sine, ach níor mhaith liom carr cosúil leis an cheann a bhí ag mo dhaideo!

Bhí iontas orm nuair a chonaic mé an traein. Bhí toit ag teacht amach as! Chuaigh muid isteach ann agus labhair an tiománaí liom. Ní raibh mise ar thraein riamh ach dúirt mo dhaideo go raibh sé ar an traein go minic nuair a bhí sé óg.

Bhí lá ar dóigh agam ag an iarsmalann. Is breá liom am a chaitheamh le mo dhaideo. Foghlaimím cuid mhór ó Dhaideo!

Ceisteanna

1. Cén fáth a bhfuil dúil ag Críostóir ina dhaideo?
2. Cad é mar a chuaigh Críostóir agus a dhaideo chuig an iarsmalann?
3. Cé acu atá fíor?
 - (a) Bhí an iarsmalann i lár an bhaile mhóir
 - (b) Ní raibh an iarsmalann i lár Bhéal Feirste
 - (c) Bhí an iarsmalann i lár Bhéal Feirste
4. Cad é mar a bheidh Críostóir ábalta na rudaí a chonaic sé san iarsmalann a thaispeáint dá mhamaí?
5. Cad a chiallaíonn ‘chomh mall le seilide’?
6. Cad é ba mhaith le Críostóir a fháil nuair a bheidh sé níos sine?



Obair Bhaile 15

An Oíche

Is mise Máire agus is breá liom an oíche. Tá a lán daoine ann nach maith leo an oíche. B'fhéidir nach maith leo an dorchadas nó go mbíonn eagla orthu. Is breá liomsa an oíche nuair a bhíonn an ghealach agus na réaltaí ag soilsiú go hard sa spéir. Is aoibhinn liom bheith ag stánadh ar an spéir.

Go mall tráthnóna, téann an ghrian faoi agus éiríonn an spéir dorchá. Bíonn solas go fóill de dhíth orainn le rudaí a fheiceáil. Bíonn an ghealach le feiceáil sa spéir go minic agus cuidíonn sin go mór linn. Cé nach féidir linn an ghrian a fheiceáil, bíonn sí ag soilsiú ar an ghealach agus tugann an ghealach solas dúinn san oíche.

Faigheann muid solas ó na soilse sráide fosta. Ní bhíonn gach duine ina chodladh san oíche. Bíonn go leor daoine ag obair. Bíonn dochtúirí, altraí agus tiománaithe tacsáí ag obair i rith na hoíche. Tá roinnt ainmhithe ann nach mbíonn ina gcodladh san oíche. Is ainmhí oíche é an madadh rua agus is éan oíche é an t-ulchabhán. Téann siad amach ag seilg bia san oíche agus bíonn siad iontach ciúin agus cúramach. Tá an madadh rua iontach glic. Ní minic a fheiceann muid iad.

Ní bhíonn eagla ar bith ormsa san oíche. Thiocfadh liom fanacht i mo shuí an oíche ar fad!



Ceisteanna

1. Cad é is maith le Máire faoin oíche?
2. Cá huair a théann an ghrian faoi?
3. Cad é mar a thugann an ghrian solas dúinn san oíche?
4. Cé acu atá fíor?
 - (a) Bíonn gach duine ina chodladh san oíche
 - (b) Tagann na hainmhithe uilig amach san oíche
 - (c) Tagann cuid de na hainmhithe amach san oíche agus tagann ainmhithe eile amach i rith an lae
5. Cén fáth a dtagann an t-ulchabhán amach san oíche?
6. Cén fáth nach bhfeiceann muid an madadh rua go minic, do bharúil?


Obair Bhaile 16

Cú Chulainn

Fadó in Éirinn bhí fear ann darbh ainm Culann. Lá amháin, bhí féasta aige ina chaisleán lena chairde. Bhí cú mór fíochmhar mar gharda aige a raibh dath dubh air. Bhí an cú taobh amuigh den chaisleán ag coimhead agus an féasta ar siúl.

Chonaic an cú buachaill óg darbh ainm Séadanda ag siúl chuig an chaisleán. Thosaigh sé ag tafann go fíochmhar agus rith sé i dtreo Shéadanda. Bhí fearg ar an chú ach ní raibh eagla ar Shéadanda roimhe. Bhí smaoineamh aige. Bhí dúil mhór aige san iomáint agus bhí camán agus sliotar leis. Bhuail sé an sliotar go crua agus chuaigh sé díreach isteach i mbéal an chú. Thit an cú go talamh agus fuair sé bás.

Ní raibh Culann sásta nuair a chuala sé go raibh a chú marbh ach thuig sé go raibh Séadanda ina ghasúr cróga láidir. D'iarr sé ar Shéadanda bheith mar gharda aige agus is mar sin a fuair Séadanda an t-ainm Cú Chulainn.



Ceisteanna

1. Cad é a bhí ar siúl sa chaisleán?
2. Cé acu atá fíor?
 - (a) Bhí an cú deas
 - (b) Bhí an cú ina chodladh
 - (c) Bhí an cú feargach
3. Nuair a thosaigh an cú ag tafann bhí:
 - (a) eagla ar Shéadanda.
 - (b) Séadanda buartha.
 - (c) Séadanda cróga.
4. Cén fáth a raibh camán agus sliotar ag Séadanda?
5. Cén fáth a bhfuair an cú bás?
6. Cén fáth a raibh Culann míshásta, do bharúil?

eisimirceach *ainmfhocal* eisimircigh
duine a imíonn ón tír s'acu féin le cónaí a dhéanamh i dtír eile

eisiúint *ainmfhocal* eisiúintí
rud a cuireadh ar fáil

eisreachtaí *ainmfhocal* eisreachtaithe
robálaí nó coirpeach atá i bhfolach de bharr go bhfuil na péas sa tóir air mar gur bhris sé an dlí

éist *briathar* d'éist, éisteann, éistfidh, éisteacht
aird a dhíriú ar dhuine nó rud sa dóigh is gur féidir leat é a chluinstin *Éistim le mo mhúinteoir go cúramach sa rang.*

éisteacht *briathar*
ábaltacht fuaimeanna a phiocadh suas tríd na cluasa

éisteoir *ainmfhocal* éisteoirí
duine a éisteann

eite *ainmfhocal* eítí
an chuid thanaí chothrom a ghobann amach ó iasc a chuidíonn leis snámh

eiteach *ainmfhocal*
gan glacadh le rud nó gan rud a dhéanamh, diúltú

eiteog *ainmfhocal* eiteoga
an chuid d'éan nó d'fheithid a ligeann dó eitilt, sciathán

eitigh *briathar* d'eitigh, eitíonn, eiteoidh, eiteach, eitithe
é a chur in iúl nach nglacfaidh tú le rud nó nach ndéanfaidh tú é, diúltaigh

eitil *briathar* d'eitil, eitlíonn, eitleoidh, eitilt, eitilte
bogadh tríd an aer le heiteoga nó in aerárthach *D'eitil na héin ar shiúl nuair a chuala siad trup.*


eitilt *ainmfhocal* eitiltí
turas in aerárthach

eitinn *ainmfhocal*
galar na scamhóg

eitleán *ainmfhocal*
eitleáin
feithicil a eitlíonn le heiteoga daingin agus innill chumhachtacha

eitleog *ainmfhocal* eitleoga
1 fráma éadrom clúdaithe le héadach nó páipéar a eitlíonn tú sa ghaoth ag deireadh píosa fada sreinge **2** i gcluichí liathróide, an liathróid a bhualadh sula mbaineann sé an talamh amach

eitneach *aidiacht* níos/ís eitní
ag baint le grúpa ciníoch ar leith




eitpheil *ainmfhocal*
cluiche ina mbuaileann dhá fhoireann liathróid mhór thar líon agus ar ais arís lena lámha

eitre *ainmfhocal* eitrí
cuid fhada chaol gearrtha amach as rud

eochair *ainmfhocal*
eochara

1 rud beag miotail le cruth ar leith a osclaíonn glas

2 cnaipe nó luamhán beag a bhrúnn tú le do lámh, ar mhéarchlár nó pianó mar shampla **3** fearas a úsáid tú le clog nó bréagán intochraiste a thochras **4** scála nótaí sa cheol **5** cód ar ghraif nó léarscáil a mhíníonn ciall na siombailí



eochairchlár *ainmfhocal* eochairchláir
sraith eochara ar phianó, clóscríobhán nó ríomhaire

eolach *aidiacht* níos/ís eolaí
eolas a bheith agat

eolaí *ainmfhocal* eolaithe
1 duine a bhíonn ag obair le heolaíocht **2** duine le scil nó eolas speisialta ar ábhar ar leith



eolaíocht *aidiacht* níos/ís eolaíche
a bhaineann leis an eolaíocht

eolaíocht *ainmfhocal*
an staidéar ar rudaí agus imeachtaí ar an domhan ar féidir breathnú agus tástáil a dhéanamh orthu *Is é an eolaíocht an t-ábhar scoile is fearr liom.*

eolaire *ainmfhocal* eolairí
leabhar a choinníonn liosta daoine lena seoltaí agus uimhreacha gutháin

eolas *ainmfhocal*
fíricí nó rud eile a chuireann duine in iúl duit nó a fhoghlaimíonn tú *Níl eolas ar bith agam ar an cheist.*

Eoraip *ainmfhocal*
an mhór-roinn ina bhfuil Éire

eorna *ainmfhocal*
grán a úsáidtear mar bhia agus le beoir a dhéanamh

Eorpach *aidiacht* níos/ís Eorpaí
a bhaineann leis an Eoraip

Eorpach *ainmfhocal* Eorpaigh
duine ón Eoraip

Obair Bhaile 17

Bain úsáid as an fhoclóir leis na ceisteanna seo a fhreagairt.


1. Cén mhór-Roinn ina bhfuil Éire?
2. Cad é an deoch a dhéantar le heorna?
3. Cad é an rud é eiteog?
4. Ainmnigh spórt atá luaite ar an leathanach seo?
5. Cad é an aimsir chaite den bhriathar 'eitel'?
6. Ainmnigh comhfhocal atá luaite ar an leathanach seo?
7. Cad é an uimhir iolra den fhocal 'eitleán'?
8. Cad é an t-ainm atá ar dhuine a bhíonn ag obair leis an eolaíocht?

Obair Bhaile 18

Anois agus Fadó – Carranna

Ní raibh mórán carranna ann blianta fada ó shin. Anois, tá carranna de gach cineál le feiceáil gach áit. Tá cuid acu iontach gasta ar fad. Tá cuid acu millteanach daor fosta. Is féidir níos mó ná milliún punt a chaitheamh ar charr mór spóirt na laethanta seo!

Tá difear mór idir na carranna atá ann anois agus na carranna a bhí ann blianta ó shin. Ní raibh díon ar na carranna blianta ó shin agus d'éirigh an tiománaí fliuch báite san fhearthainn! Bhí na carranna iontach contúirteach fosta. Ní raibh criosanna sábhála iontu agus ní raibh soilse ar bith acu. Ní raibh teas ná raidió iontu ach oiread.



Ní raibh go leor airgid ag an chuid is mó daoine carr a cheannach blianta fada ó shin. Ba é Henry Ford a rinne an chéad charr a thiocfadh le daoine a cheannach ar phraghas measartha saor. Tá a ainm go fóill le feiceáil ar charranna inniu. Tá ainmneacha daoine eile ar nós Renault agus Mercedes-Benz le feiceáil fosta.

Tháinig athrú mór ar charranna ó aimsir Henry Ford. Tá cuid mhór ar fáil i gcarranna nua anois, mar shampla:

- fuinneoga leictreacha;
- raidió/seinnteoir DVD/seinnteoir mp3;
- ceamara;
- teas;
- díon gréine;
- clog; agus
- áit do chupán tae go fiú!

Ceisteanna

1. Cé acu atá fíor?
 - (a) Níl mórán carranna ann inniu
 - (b) Tá cuid mhór carranna ann inniu
 - (c) Níl carranna ar bith ann inniu
2. Cén sórt cairr a chosnaíonn níos mó ná milliún punt?
3. Cad é a tharla don tiománaí san fhearthainn blianta fada ó shin?
4. Bhí na carranna fadó contúirteach mar:
 - (a) ní raibh teas iontu.
 - (b) ní raibh raidió iontu.
 - (c) ní raibh criosanna sábhála iontu.
5. Cén fáth nach raibh daoine ábalta éisteacht le ceol sna carranna fadó, do bharúil?
6. Cé a rinne an chéad charr a bhí daoine ábalta a cheannach?

Obair Bhaile 19

Oisín agus Niamh

Fadó fadó in Éirinn, bhí fear ann darbh ainm Oisín. Fionn an t-ainm a bhí ar a athair agus na Fianna an t-ainm a bhí ar na saighdiúirí a bhí acu. Lá amháin, nuair a bhí siad uilig amuigh ag seilg, chonaic siad capall bán agus cailín álainn air. Niamh an t-ainm a bhí ar an cailín.

Chomh luath agus a chonaic Oisín Niamh thit sé i ngrá léi. Bhí Niamh ina cónaí in áit darbh ainm Tír na nÓg. Áit iontach speisialta a bhí ann mar níor éirigh daoine sean ansin. D'iarr Niamh ar Oisín dul go Tír na nÓg léi.

Léim Oisín ar an chapall le Niamh agus d'imigh siad leo go Tír na nÓg. Ní fhaca Fionn ná na Fianna Oisín arís. Bhí Oisín agus Niamh millteanach sásta i dTír na nÓg, ach sa deireadh, bhí Oisín ag iarraidh dul ar ais abhaile.

Bhí sé faoi bhrón mór. Ba mhaith leis a chairde agus na Fianna a fheiceáil arís. Léim sé suas ar an chapall bhán agus d'imigh sé leis abhaile.

Nuair a d'fhill Oisín abhaile, bhí iontas an domhain air. Níor aithin sé duine ar bith. Bhí a athair agus na Fianna uilig marbh le fada. Fuair sé amach ansin gur chaith sé trí chéad bliain i dTír na nÓg. Tháinig sé anuas den chapall, ach nuair a chuir sé a chos ar an talamh, d'éirigh sé iontach sean go tobann. Bhí sé ina sheandúine anois. Bhí sé trí chéad bliain d'aois agus fuair sé bás.



Ceisteanna

1. Cá huair a bhí Fionn agus na Fianna ann?
2. Cé acu atá fíor?
 - (a) Ní raibh Niamh galánta
 - (b) Bhí dúil mhór ag Oisín i Niamh
 - (c) Thit Fionn i ngrá le Niamh
3. Cad é mar a chuaigh Oisín agus Niamh go Tír na nÓg?
4. Cad é mar a bhí an saol ag Oisín agus Niamh i dTír na nÓg?
5. Bhí Oisín ag iarraidh dul abhaile mar:
 - (a) bhí sé sona sásta.
 - (b) bhí brón ag teacht air.
 - (c) bhí sé ag éirí aosta.
6. Cén fáth nár aithin Oisín duine ar bith?

faighneog *ainmfhocal* faighneoga
cás de shíol

fáil *briathar*
gabh chuigh faigh *Cad é a bheidh tú ag fáil do mhamaí ar a breithlá?*

fáilí *aidiacht* níos/is fáilí
rud a dhéanamh go ciúin nó go rúnda

faill *ainmfhocal* failleanna
am maith le rud a dhéanamh, seans, caoi

faillí *ainmfhocal* faillíocha
meancóg a dhéanamh de bharr nár thug tú faoi deara

faillitheach *aidiach* níos/is faillithí
gan aire cheart a thabhairt ar rud, gan a bheith cúramach go leor

fáilte *ainmfhocal* fáiltí
beannacht chineálta nó chairdiúil a thugann tú nuair a thagann duine chugat *Fáilte romhat, a Liam.*

fáilteoir *ainmfhocal* fáilteoirí
duine a chuireann fáilte roimh dhaoine in oifig nó i bhfoirgneamh eile

fáiltigh *briathar*
d'fháiltigh, fáiltíonn, fáilteoidh, fáiltiú, fáiltithe
beannacht chineálta nó chairdiúil a thabhairt do dhuine

fáiltiú *ainmfhocal* fáiltithe
deasc nó cuntar don fháilteoir

fainic *briathar*
bí cúramach *Fainic thú féin ar an mhadadh.*

fáinleog *ainmfhocal* fáinleoga
éan beag le ruball mar fhorc agus eiteoga bioracha

fáinne *ainmfhocal* fáinní
1 rud le cruth ciorcail **2** píosa tanaí miotail i gcruth ciorcail a chaitheann tú ar do mhéar **3** áit a mbíonn comórtas dornálaíochta nó iomrascála ar siúl **4** áit a mbíonn imeachtaí an tsorcais ar siúl **5** ribí fada de ghruaig chatach **6 fáinní cluaise** seodra a chaitheann tú sna cluasa, sna maotháin ach go háirithe **7 fáinne gheal an lae** an chéad rud ar maidin nuair a éiríonn an ghrian

fair *briathar* d'fhair, faireann, fairfidh, faire, fairthe
amharc ar rud nó coimhéad amach do rud ar feadh tamaill fhada

faire *ainmfhocal* fairí
1 amharc amach **2 fear faire** duine a sheasann garda ar áit **3 focal faire** pasfhocal **4 áit a gcoinnítear cónra dhuine atá marbh sula gcuirtear é, tugann daoine cuairt ar an áit le hurraim a léiriú**

fairsing *aidiacht* níos/is fairsinge
1 spás fada a bheith ann ó thaobh go taobh, leathan **2** ag clúdach achar fada, cuid mhór spáis a bheith ann **3** cuid mhór a bheith *Tá na héisc fairsing san abhainn seo.*

fairsingiú *ainmfhocal*
rud a dhéanamh leathan nó níos mó, méadú

fairtheoir *ainmfhocal* fairtheoirí
duine a sheasann garda ar áit

fáisc *briathar* d'fháisc, fáisceann, fáiscfidh, fáiscadh, fásctha
1 rud a bhrú isteach ón dá thaobh le do lámha **2** rud a chasadh leis an uisce atá ann a fháil amach as **3** rud a dhéanamh teann

fáisceán *ainmfhocal* fáisceáin
siall éadaigh a chuireann tú thart ar chneá nó gearradh ar an chorp, bréid, bindealán

fáisc-chlár *ainmfhocal* fáisc-chláir
clár beag a iompraíonn tú a gcuireann tú páipéar air ar féidir a ghreamú le fáiscín

fáiscín *ainmfhocal* fáiscíní
1 uirlis bheag a choinníonn dhá rud nó níos mó le chéile **2 fáiscín páipéir** píosa beag miotail a choinníonn píosaí páipéir le chéile

faisean *ainmfhocal* faisin
an stíl nó an cineál éadaí nó rudaí eile a mbíonn dúil ag daoine ann ag am ar leith



faiseanta *aidiacht* níos/is faiseanta
rud a leanann an stíl choitianta ag am ar leith

faisnéis *ainmfhocal* faisnéisí
1 fíricí nó rud eile a chuireann duine in iúl duit nó a fhoghlaimíonn tú, eolas **2 faisnéis na haimsire** tuairisc ar an dóigh a mbeidh an aimsir amach anseo

faistíne *ainmfhocal* faistíní
rud a deir duine a tharlóidh sa todhchaí

faiteach *aidiacht* níos/is faití
eagla nó imní a bheith ort bualadh le daoine eile nó labhairt leo, cúthail

faiteadh *ainmfhocal*
1 rud a bhogadh suas agus síos nó ó thaobh go taobh **2 i bhfaiteadh na súl** go hiontach gasta ar fad, ar iompú boise



Obair Bhaile 20

Bain úsáid as an fhoclóir leis na ceisteanna seo a fhreagairt.

1. Cad é an t-ainm atá ar dhuine a chuireann fáilte roimh dhaoine eile in áit?
2. Cé acu frása atá ar comhchiall le ‘pasfhocal’?
3. Cén jab atá ag fairtheoir?
4. Cén dóigh a bhfuil rud ag bogadh mé tharlaíonn sé ‘i bhfaiteadh na súl’?
5. Má tá tú ag amharc ar ‘fhaisnéis na haimsire’, cén sórt eolais a gheobhaidh tú?
6. Cad é an uimhir iolra den fhocal ‘fáinne’?
7. Comhlánaigh an abairt seo tríd an leagan ceart den aidiacht a chur isteach.

Is duine faiteach í Máire, ach tá Siobhán i bhfad níos _____.

8. Cad é a dhéanann tú le fáisc-chlár?

Obair Bhaile 21

Lá Fhéile Stiofáin

Is breá le gach duine Lá Nollag! Is breá le Cormac an lá ina dhiaidh fosta, Lá Fhéile Stiofáin. I mbliana, d'fhan Cormac ina teach féin lena theaghlach Lá Nollag agus ar Lá Fhéile Stiofáin chuaigh siad ar cuairt chuig Mamó.

D'imigh siad ar a deich a chlog ar maidin le dul chuig teach Mhamó. Bhí Cormac tógtha agus rith sé isteach sa teach lena chol ceathrair Aisling a fheiceáil. Bhí aoibh an gháire ar Mhamó nuair a chonaic sí Cormac agus thug sí póg mhór dó.

Chaith Cormac an lá ar fad ag súgradh le hAisling. Bhí am ar dóigh acu le chéile ag amharc ar na leabhair a fuair sí don Nollaig. An oíche sin, rinne Mamó béile mór blasta dóibh. Go díreach ina dhiaidh sin, luigh Cormac síos tamall mar bhí a bholg lán! D'amharc sé ar an teilifís le hAisling go dtí a deich a chlog. Bhí Cormac millteanach tuirseach ar fad agus é ag imeacht abhaile an oíche sin. Bhí lá ar dóigh aige!

Ceisteanna

1. Cá huair a bhíonn Lá Fhéile Stiofáin ann?
2. Cá háit a ndeachaigh Cormac Lá Fhéile Stiofáin?
3. Cén fáth ar rith Cormac isteach sa teach?
4. Cad é mar a mhothaigh Mamó nuair a chonaic sí Cormac?
5. Cén fáth ar luigh Cormac síos tamall?
6. Cén focal is fearr a chuireann síos ar an lá a bhí ag Cormac?

- (a) Leadránach
- (b) Ar fheabhas
- (c) Go holc



Obair Bhaile 22


Anois agus Fadó – Eitleáin

Má amharcann tú suas sa spéir, tá seans an-mhaith ann go bhfeicfidh tú eitleán. Is dócha go mbeidh toit ag teacht amach as, cosúil le heireaball mór fada!

Tá eitleáin mhóra agus eitleáin bheaga ann. Bíonn a lán daoine sna cinn mhóra, agus in amanna, ní bhíonn sna cinn bheaga ach an píolóta. Is maith le daoine dul ar laethanta saoire go tíortha eile ar eitleán, an Spáinn nó Meiriceá, mar shampla. Ní raibh eitleáin ann i gcónaí. Ní raibh daoine ábalta dul ar laethanta saoire ar eitleán blianta ó shin.

Ba iad Orville agus Thomas Wright a thóg an chéad eitleán ceart, agus a rinne an chéad eitilt, níos mó ná 100 bliain ó shin. Bhí an t-eitleán san aer ar feadh 12 shoicind! Orville a bhí ar an eitleán agus ní raibh fuinneog ná suíochán ar bith ann. Bhí ar Orville luí ar a bholg!

Tá difear mór idir an chéad eitleán sin agus na heitleáin atá ann anois. Tá eitleán nua ann, mar shampla, a bhfuil spás ann do 850 duine. Bíonn eitleáin ag eitilt go millteanach gasta anois fosta. Is féidir dul go Meiriceá taobh istigh de 6 uair an chloig! Tá fuinneoga, leithris agus teilifís iontu agus ní chaithfidh daoine luí ar a mbolg! Thig leat bheith i do shuí go compordach an t-am ar fad, agus má tá go leor airgid agat, thig leat leaba a fháil go fiú!



Ceisteanna

1. Cé acu atá fíor?
 - (a) Tá gach eitleán iontach mór
 - (b) Tá gach eitleán beag
 - (c) Tá cuid acu beag
2. Cá háit a mbíonn daoine ag dul ar eitleán?
3. Cá huair a bhí an chéad eitilt ann?
4. Cén fáth ar luigh Orville ar a bholg?
5. Is féidir dul go Meiriceá taobh istigh de 6 uair an chloig mar:
 - (a) tá na heitleáin mall anois.
 - (b) tá bóthar maith ann anois.
 - (c) tá na heitleáin níos gasta anois.
6. Cad é mar a thig leat leaba a fháil ar eitleán, do bharúil?

Obair Bhaile 23

Scoileanna Fadó

Níl na scoileanna inniu cosúil leis na scoileanna a bhí ann fadó. Bhí na scoileanna fadó iontach beag agus ní raibh ach seomra amháin sa chuid is mó acu. Chomh maith leis sin, bhí thart ar 50 páiste i rang amháin!


Bhí tine sa tseomra ranga agus bhí ar na páistí móin a thabhairt isteach gach lá don tine. Ní raibh leithreas taobh istigh den scoil. Bhí ar na páistí dul amach chuig an leithreas, ba chuma cé chomh holc is a bhí an aimsir!

Ní raibh mórán leabhar ag na páistí fadó mar ní raibh go leor airgid ag daoine san am sin le leabhair a cheannach. D'úsáid na páistí clár beag dubh agus píosa cailce in áit peann luaidhe agus páipéar!

Bhí na múinteoirí iontach dian ar na páistí. Nuair a bhí siad dalba nó nuair nach raibh an obair déanta acu mar is ceart, bhuail an múinteoir le slat iad.

Ní raibh busanna ná carranna ann fadó le páistí a thabhairt ar scoil agus bhí ar gach páiste siúl. Ghlac sé níos mó ná uair an chloig ar chuid acu agus iad gan bhróga go minic!

Sa lá atá inniu ann tá téitheoirí, ríomhairí, leabhair ghalánta agus go leor leor eile againn ar scoil. Nach bhfuil rudaí i bhfad níos fearr do pháistí anois?



Ceisteanna

1. Bhí ar na páistí dul amach chuig an leithreas taobh amuigh mar:
 - (a) ní raibh leithreas taobh istigh den scoil.
 - (b) bhí an leithreas taobh istigh briste.
 - (c) bhí an leithreas taobh amuigh níos deise.
2. Cén fáth nach raibh mórán leabhar ag na páistí fadó?
3. Cad é a chiallaíonn an abairt 'bhí na múinteoirí iontach dian ar na páistí'?
4. Cén dóigh a ndeachaigh na páistí ar scoil fadó?
5. Cé acu atá fíor?
 - (a) Bhí na scoileanna iontach mór blianta ó shin
 - (b) Ní raibh bróga ag cuid de na páistí
 - (c) Ní raibh teas ar bith sna scoileanna
6. Cad é a shíleann an t-údar faoi pháistí?

Obair Bhaile 24

Tuairisc Scoile

Bunscoil Naomh Muire, Doire Tuairisc Dheireadh na Scoilbhliana 2015 Ainm an Dalta: Lorcán Ó Dónaill Múinteoir: Úna de Brún Rang 5	
Ábhar	Nótaí
Gaeilge	Tá a chuid Gaeilge scríofa go hiontach ar fad! Bíonn peannaireacht Lorcáin néata i gcónaí.
Béarla	Tá Lorcán ag éirí níos fearr ag an ábhar seo ach caithfidh sé go fóill a chuid scileanna fónaice a úsáid nuair atá sé ag léamh.
Mata	Tá dúil bhocht ag Lorcán sa mhata ach caithfidh sé bheith cúramach le táblaí 8 agus 9!
Eolaíocht	Tá Lorcán an-ábaltá san ábhar seo. Is breá leis trialacha a dhéanamh agus bheith ag obair taobh amuigh.
Corpoideachas	Ní bhíonn a chuid éadaí spóirt le Lorcán go minic agus fiú nuair a bhíonn siad leis, is maith leis bheith ina shuí ag amharc ar rudaí eile in áit bheith ag imirt spóirt.
Ceol	Caithfidh Lorcán iarracht níos fearr a dhéanamh sa cheol. Bíonn an fheadóg stáin ina chluas níos minice ná a bhíonn sí ina bhéal!

Ceisteanna

1. Cá huair a scríobh an múinteoir an tuairisc seo?
2. Cé hí Úna de Brún?
3. Cad é mar a d'éirigh le Lorcán sa Ghaeilge?
4. Tá an focal 'néata' in úsáid mar:
 - (a) briathar.
 - (b) aidiacht.
 - (c) ainmfhocal.
5. Cad é a chiallaíonn 'Tá dúil bhocht ag Lorcán sa mhata'?
6. Cén aidiacht is fearr a chuireann síos ar Lorcán nuair a bhíonn ceacht spóirt aige?



